AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 365 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais amach anseo (2027-2034)

Clár

CLÁR **1**

1. Réamhrá 1

2. Réamhaisnéis ar eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2027-2034 1

2.1. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027 4

2.2. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2028-2034 5

2.3. Saoradh 6

2.4. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanas le híoc 7

3. Réamhaisnéis ar insreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2027-2034 8

3.1. Foinsí ioncaim 8

4. Conclúidí 10

Iarscríbhinn II – Torthaí na réamhaisnéise 12

Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafaí amach anseo thar 2027-2034 le haghaidh CAI 12

Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027 13

Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích 14

Tábla 1.4 – Íocaíochtaí le haghaidh ghealltanais 2028-2034 15

Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh 2027-2034 16

Tábla 3 – Gealltanais le híoc 2027-2034 17

Tábla 4 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad an Aontais amach anseo de chuid CAI 2027 agus 2028-2034 18

1. Réamhrá

Tionscnaítear sa tuarascáil seo insreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 253(1)(c) den Rialachán Airgeadais[i]. Déantar réamhaisnéis sa séú[ii] heagrán seo ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a eascraíonn as an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027[iii], agus le haghaidh CAI 2028-2034 bunaithe ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad CAI[iv] eile le haghaidh íocaíochtaí maidir le gealltanais 2028-2034.

Ó thaobh an chaiteachais de, réamh-mheastar sa tuarascáil íocaíochtaí a eascraíonn as gealltanais a rinneadh faoin CAI reatha agus faoi CAInna roimhe seo, lena n-áirítear stoc na ngealltanas le híoc (RAL) a bhfuil coinne leo ag deireadh 2027. Mar a bhí i dtuarascáil na bliana seo caite, réamh-mheastar léi freisin íocaíochtaí a bhaineann le gealltanais a dhéanfaí faoi CAI 2028-2034 ar bhonn an togra ón gCoimisiún don chéad CAI eile.

Tá ioncam le haghaidh 2027 bunaithe ar dhréachtbhuiséad 2027. Réamh-mheastar ioncam ó 2028 ar aghaidh bunaithe ar thogra ón gCoimisiún in 2025 le haghaidh Cinneadh nua maidir le hacmhainní dílse[v]. Breithnítear sna réamh-mheastacháin ioncaim freisin an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[vi] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar').

Tá na meastacháin maidir le híocaíochtaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo bunaithe ar na huasteorainneacha caiteachais athbhreithnithe (coigeartú teicniúil ar CAI le haghaidh 2027)[vii] agus ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a áirítear sa dréachtbhuiséad le haghaidh 2027[viii], ina gcuimsítear na coigeartuithe clárshonracha faoi Airteagal 5 de Rialachán CAI[ix] (MFFR)[x] chomh maith le hathúsáid saortha faoi Airteagal 15(3)[xi] den Rialachán Airgeadais.

A mhéid a bhaineann le NextGenerationEU, tabharfar gach glaniasachtaíocht chun íocaíocht amach nua a mhaoiniú chun críche faoi dheireadh 2026. Ina dhiaidh sin, ní dhéanfar ach mionmhéideanna, le haghaidh caiteachas riaracháin den chuid is mó. Ní thagann íocaíocht amach NextGenerationEU faoi raon feidhme na tuarascála seo, lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2027 ar aghaidh.

2. Réamhaisnéis ar eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh

2027-2034

Meastar gurb é EUR 2 173 billiún a bheidh na híocaíochtaí le linn na tréimhse 2027-2034[xii]. Meastar gurb é EUR 272 bhilliún a bheith i meán-eis-sreafaí bliantúla bhuiséad an Aontais.

Is éard atá iontu sin:

- Íocaíochtaí ar ghealltanais a rinneadh in CAI 2021-2027 agus in CAInna roimhe sin


Déantar íocaíochtaí ar ghealltanais a rinneadh in CAI 2021-2027 a íoc go páirteach in 2027 agus go páirteach in CAI 2028-2034, le haghaidh iomlán measta **EUR 527 mbilliún**, nó EUR 75,3 billiún ar an meán le haghaidh 2027-2033. Tá coinne le thart ar 40 % de na híocaíochtaí sin, i.e. EUR 210 mbilliún in 2027 i gcomhréir leis an dréacht-togra buiséid. Réamh-mheastar go n-íocfar an EUR 317 mbilliún atá fágtha den chuid is mó sna chéad 3 bliana den CAI

nua. Tá sé sin comhsheasmhach le patrúin cur chun feidhme roimhe seo de réir mar a bhaineann na cláir (beartas comhtháthaithe go sonrach) luas cúrsála amach. Meastar na híocaíochtaí ar ghealltanais le híoc ag eascairt as CAInna roimh 2021-2027 ag EUR 5,9 mbilliún, nó EUR 0,8 billiún ar an meán le haghaidh 2027-2033. Meastar go dtiocfaidh laghdú orthu agus go gcuirfear deireadh leo de réir a chéile faoi dheireadh 2033.

- Íocaíochtaí ar ghealltanais le haghaidh CAI 2028-2034

De réir an togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI 2028-2034 i mí Iúil 2025 agus thuarascáil na bliana seo caite, is é EUR 234 bhilliún in aghaidh na bliana ar an meán na híocaíochtaí ar ghealltanais a rinneadh in CAI 2028-2034, **EUR 1 641 bhilliún**san iomlán thar an tréimhse. Déantar íocaíochtaí a thús-ualú go dtí an chéad leath den tréimhse 7 mbliana den chuid is mó toisc go meastar go mbeidh patrún cur chun feidhme níos tapúla ag na cláir nua. Mar a míníodh i dtuarascáil na bliana seo caite, is toradh é an tús-ualú ar bhearta a moladh chun tús tráthúil agus próifíl cur chun feidhme níos rianúla a éascú, rud a d'fhág go raibh patrún íocaíochtaí níos cothroime ann le linn na tréimhse.

Cairt 1 – Réamhaisnéis íocaíochtaí de réir catagóire




I gcomparáid leis na meastacháin atá mar bhonn taca leis an togra ón gCoimisiún i mí Iúil 2025, léirítear sa réamhaisnéis reatha leibhéal níos ísle íocaíochtaí faoi EUR 18 mbilliún atá nasctha le hathruithe ar íocaíochtaí RAL (i.e. íocaíochtaí ar ghealltanais a rinneadh roimh 2028). Is é is cúis leis an difríocht sin den chuid is mó an dlús a cuireadh le híocaíochtaí faoi bheartas comhtháthaithe 2021-2027 in 2026 agus 2027, rud a laghdaíonn stoc na ngealltanas le híoc a bhfuil coinne leo ag deireadh an CAI atá ann faoi láthair agus, dá bhrí sin, leibhéal na n-íocaíochtaí ar ghealltanais roimh 2028 a cheanglaítear le linn na tréimhse 2028-2034.

Is leor fós an uasteorainn íocaíochta atá beartaithe do CAI 2028-2034 chun foriomlán na riachtanais íocaíochta atá tuartha faoi láthair le linn na tréimhse a chumhdach, agus roinnt éagsúlachtaí ann thar na blianta. Faoi na toimhdí atá ann faoi láthair, féadfaidh íocaíochtaí a bheith níos mó ná na huasteorainneacha bliantúla in 2030 (EUR 14 bhilliún), 2032 (EUR 6 bhilliún) agus 2033 (EUR 4 bhilliún). Bheadh na híocaíochtaí faoi bhun na n-uasteorainneacha sna blianta 2028 (EUR 4 bhilliún), 2029 (EUR 17 mbilliún), agus 2031 (EUR 21 bhilliún). Chun a áirithiú go n-urramófar an uasteorainn íocaíochta i ngach bliain de CAI, d'fhéadfadh sé gur ghá úsáid a bhaint as na sásraí dá bhforáiltear i Rialachán CAI chun leibhéil na n-uasteorann íocaíochta bliantúla a choigeartú.

Ba cheart an difríocht a eascraíonn as sin idir an réamhaisnéis íocaíochta reatha fhoriomlán agus na huasteorainneacha íocaíochta CAI atá beartaithe a léirmhíniú go cúramach, áfach. Cé go dtairbhíonn an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí ar ghealltanais atá ann cheana de shonraí cur chun feidhme níos déanaí, tá próifíl íocaíochta na gclár faoin CAI a bheidh ann amach anseo faoi réir thoradh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair. D'fhéadfadh athruithe ar lántoise agus ar chomhdhéanamh foriomlán CAI difear a dhéanamh d'uainiú agus do leibhéal na riachtanas íocaíochta a bheidh ann amach anseo.

Cairt 2 - Réamhaisnéis íocaíochtaí i gcomparáid le huasteorainn íocaíochta CAI don tréimhse 2027-2034



2.1. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

Baineann níos mó ná leath na n-íocaíochtaí réamh-mheasta arna n-eascairt as CAI 2021-2027 leis an mBeartas Comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT).

Ceannteideal 2a - Beartas comhtháthaithe

Tá dlús á chur le cur chun feidhme chistí an bheartais chomhtháthaithe i gcomparáid leis an tuarascáil fhadtéarmach dheireanach ar an réamhaisnéis íocaíochta[xiii]. Chun an beartas comhtháthaithe a threisiú in 2026[xiv] (EUR 3,4 billiún do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, EUR 0,6 billiún don Chiste Comhtháthaithe, EUR 1,4 billiún do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus), tá gá le cistiú breise chun na héilimh níos airde ar íocaíocht a chumhdach.

Is toradh é an luasghéarú sin ar iarratais ar íocaíocht a bheith curtha isteach ag na Ballstáit in 2025 i bhfad níos faide ná riail an tsaortha n+3, arna spreagadh ag na solúbthachtaí agus na dreasachtaí airgeadais a soláthraíodh do na Ballstáit mar chuid den athbhreithniú lár téarma ar an mbeartas comhtháthaithe agus ar an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Mhéadaigh sé sin an brú ar bhuiséad 2026 (mar a léirítear sa togra le haghaidh dréachtbhuiséad leasaitheach 2/2026). Tuartar go leanfaidh an luasghéarú sin ar aghaidh in 2027 agus 2028. Glactar leis i réamhaisnéis 2027 agus 2028 go mbeadh cur isteach na n-éileamh íocaíochta ag ailíniú leis an bpróifíl stairiúil sna blianta amach romhainn, rud a d'fhágfadh go n-eisíocfaí thart ar 18 % de leithdháiltí na gcistí in 2027, agus go n-íocfaí thart ar 50 % de na leithdháiltí iomlána amach ó 2028 ar aghaidh.

Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus an Ciste um Aistriú Cóir

EUR 40,6 bhilliún in 2025 a bhí sa réamhaisnéis íocaíochtaí do Cholún I de CBT, caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha, méid atá ag teacht leis an dréachtbhuiséad is déanaí.

Thosaigh cur chun feidhme Cholún II faoi phleananna straitéiseacha CBT – an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe – in 2023. Leis na forálacha idirthréimhseacha lenar cuireadh síneadh le cláir 2014-2020 go dtí 2022 a chur ar a gcumas dóibh leanúint dá gcur chun feidhme faoin riail n+3, cuireadh bliain amháin eile ar fáil chun íocaíochtaí a chur i gcrích i gcomparáid leis na rialacha le haghaidh phleananna CBT 2023-2027, atá faoi réir riail N+2.

Áirítear sa réamhaisnéis íocaíochtaí arna n-eascairt as CAI 2021-2027 na híocaíochtaí ó Phleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 chomh maith leis na cinn atá nasctha le síneadh na gclár forbartha tuaithe go 2021 agus 2022 a bheidh críochnaithe faoi 2027. Breithnítear sa réamhaisnéis freisin na haistrithe idir colúin den Chomhbheartas Talmhaíochta a chuir na Ballstáit in iúl[xv], a raibh mar thoradh orthu glan-aistriú EUR 5,5 billiún ó Cholún I (CERT) go Colún II (CETFT) i gcomhair na mblianta 2023-2027.

Meastar go mbainfidh cur chun feidhme phleananna CBT 2023-2027 a bhuaic amach in 2028 le híocaíochtaí níos ísle in 2029 agus níos déanaí in 2030, agus meastar go ndúnfaidh sé in 2031. Meastar go gcuirfear cláir forbartha tuaithe oibríochtúla 2014-2022 i gcrích chomh maith leis na híocaíochtaí is déanaí in 2027.

I gcás an Chiste um Aistriú Cóir, maoiníodh íocaíochtaí go dtí seo faoina chomhpháirt NextGenerationEU den chuid is mó, a úsáidfear go dtí deireadh 2026, i gcomhréir le sprioc-amanna dlíthiúla. Tá coinne leis na chéad íocaíochtaí substaintiúla faoi chomhpháirt CAI ó 2026 ar aghaidh.

Cláir agus ceannteidil eile

Foráiltear leis an gCúlchiste don Úcráin, ionstraim speisialta lena slógtar tacaíocht do chaiteachas de bhreis ar uasteorainneacha caiteachais CAI do 2024-2027, go dtabharfar formhór na n-íocaíochtaí i gcrích faoi dheireadh 2027. Chumhdófaí EUR 0,9 billiún in CAI 2028-2034 mar íocaíochtaí ar ghealltanais le híoc.

2.2. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2028-2034

Réamh-mheastar gurb é **EUR 1 641 bhilliún** a bheidh sna híocaíochtaí le haghaidh CAI 2028-2034 le linn na tréimhse, lena gcumhdófar 80 % de CAI. Agus é á chur san áireamh go bhfuil an chaibidlíocht maidir leis an gcéad CAI eile fós ar siúl, tá na sonraí a chuirtear i láthair sa roinn bunaithe ar an togra ón gCoimisiún i mí Iúil 2025 agus tá siad mar an gcéanna leis na sonraí i dtuarascáil na bliana seo caite.

Ceannteideal 1 – Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí

Is iad na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí is mó a spreagfaidh an phróifíl íocaíochtaí in CAI 2028-2034 agus beidh foriomlán íocaíochtaí réamhaisnéise **EUR 965 bhilliún** ann don cheannteideal ar an iomlán.

Ó 2028 ar aghaidh, tá an tAontas le tús a chur le haisíoc an fhiachais arna eisiúint faoi NextGenerationEU. I gcás CAI 2028-2034, molann an Coimisiún méid socraithe EUR 24 bhilliún in aghaidh na bliana i bpraghsanna reatha chun ús agus caipiteal na tacaíochta neamh-inaisíoctha a sholáthraítear faoi NextGenerationEU a aisíoc. Is éard atá sa mhéid sin méid foriomlán **EUR 168 mbilliún** ar feadh 2028-2034.

Baineann na híocaíochtaí eile i ndáil leis an gceannteideal seo den chuid is mó le gníomhaireachtaí díláraithe (amhail Frontex agus Europol) ina ndéantar íocaíochtaí an Aontais ina n-iomláine sa bhliain chéanna ina ndéantar an fóirdheontas don ghníomhaireacht.

Ceannteideal 2 – Iomaíochas, rathúnas agus slándáil

Is éard atá in íocaíochtaí faoi cheannteideal 2 **EUR 424 bhilliún san iomlán**. Is é an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Fís Eorpach is mó is cúis leis na híocaíochtaí.

Ceannteideal 3 – An Eoraip Dhomhanda

Is éard atá in íocaíochtaí faoi cheannteideal 3 EUR **135 bhilliún san iomlán**. Is í an Eoraip Dhomhanda is mó is cúis leis na híocaíochtaí.

Ionstraimí speisialta

Tagann ionstraimí speisialta faoi dhá chatagóir:

Ionstraim théamach (an Úcráin) – Beidh an Cúlchiste don Úcráin ina ionstraim speisialta théamach (EUR 100 billiún) lena gcuirfear ar chumas an Aontais iarrachtaí téarnaimh agus atógála na hÚcráine a mhaoiniú chomh maith le tacú le conair aontachais na tíre trí chúnamh réamhaontachais. Déanfar an tacaíocht uile don Úcráin a sheoladh agus a chur chun feidhme tríd an Eoraip Dhomhanda. Foráiltear le Rialachán CAI nach rachaidh an méid bliantúil a shlógfar faoin gCúlchiste don Úcráin in aon bhliain ar leith thar EUR 13,5 billiún i bpraghsanna 2025. An 24 Feabhra 2026, glacadh an Rialachán[xvi] lena suitear iasacht tacaíochta EUR 90 billiún don Úcráin. An 23 Bealtaine 2026, leasaíodh Rialachán CAI 2021-2027 chun tacaíocht airgeadais na hiasachta sin a cheadú faoi lamháil an Aontais, de bhreis ar uasteorainneacha CAI, chomh maith le hionstraim speisialta a chruthú chun an fóirdheontas ráta úis a sholáthraíonn an tAontas don Úcráin le haghaidh na hiasachta a mhaoiniú. Ní áirítear an caiteachas sin ná na dliteanais theagmhasacha ghaolmhara, atá le cumhdach faoi lamháil an Aontais, sa Chúlchiste don Úcráin dar luach EUR 100 billiún a moladh i mí Iúil 2025.

Ionstraimí neamhthéamacha – méideanna breise a leithdháileadh le haghaidh cláir shonracha CAI faoi réir coinníollacha sonracha. Ní féidir a slógadh agus na riachtanais íocaíochta ina dhiaidh sin a thuar. Maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta, foráiltear le Rialachán CAI le haghaidh 2028-2034 méid socraithe bliantúil EUR 2 000 milliún ar a laghad i bpraghsanna 2025.

Déantar an caiteachas a chumhdaítear le slógadh ionstraimí speisialta a áireamh sa bhreis ar uasteorainneacha CAI agus eisiatar é chun na corrlaigh le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí a shuí. Mar gheall ar a gcineál agus ós rud é go bhfuil siad faoi réir chinntí an údaráis bhuiséadaigh ar bhonn bliantúil, ní chuirtear slógadh na n-ionstraimí speisialta sin san áireamh sna méideanna le haghaidh 2028-2034 a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

2.3. Saoradh

Is éard atá i réamhaisnéis an tsaortha a eascraíonn as cláir an CAI atá ann faoi láthair agus CAInna roimhe sin go dtí deireadh 2027 **EUR 11 billiún.** Is iad na cláir chomhtháthaithe faoin CAI atá ann faoi láthair agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) is cúis leis go mór.

Moltar in CAI 2028-2034 athruithe substainteacha ar na modhanna seachadta atá dírithe ar an cur chun feidhme a shimpliú agus dlús a chur leis, rud a fhágfaidh go nglacfar go hiomlán leis na gealltanais sa chéad CAI eile. Dá bhrí sin, ní ghlactar le haon réamhaisnéis shonrach maidir le saoradh i gcás na gclár faoin gcéad CAI eile.

Ceannteideal 2a – Beartas comhtháthaithe

I bhfianaise na faisnéise is déanaí atá ar fáil, tá méadú tagtha ar shaoradh chun cláir 2014-2020 a chur i gcrích i gcomparáid le tuarascáil na bliana seo caite ó EUR 0,5 billiún go EUR 1,6 billiún. Ar an iomlán, tá riosca an tsaortha ag deireadh 2027 do chláir 2021-2027 íseal a bhuí le cur chun feidhme brostaithe, agus réamh-mhaoiniú breise mar gheall ar an athbhreithniú lár téarma ar an mbeartas comhtháthaithe. In 2025 agus 2026, chuir na Ballstáit iarratais ar íocaíocht isteach a sháraíonn riail an tsaortha n+3, agus meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in 2027. Mar sin féin, tá coinne le EUR 0,4 billiún de shaoradh tráth an dúnta, i gcomhréir le patrúin cur chun feidhme na clárthréimhse roimhe seo.

Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta

Tá laghdú tagtha ar an réamhaisnéis maidir le saoradh ó chláir forbartha tuaithe 2014-2022 i gcomparáid leis an réamhaisnéis dheireanach, ó EUR 3,1 billiún go EUR 1,5 billiún a bhfuil coinne leis in 2027. EUR 0,3 billiún a bhí sa saoradh roimhe sin. Ar an iomlán, meastar anois gur 1,5 % den leithdháileadh foriomlán an saoradh faoi CETFT do chláir 2014-2022, ag tabhairt dá haire gur feabhas é i gcomparáid le cláir forbartha tuaithe 2007-2013 ina raibh sciar an tsaortha ag 2 %. A mhéid a bhaineann leis an uainiú, tá coinne le saoradh faoi dheireadh 2027 nuair a phróiseálfar na híocaíochtaí um dhúnadh.

Faoi láthair, meastar go ndéanfar EUR 1 bhilliún a shaoradh faoi Phleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027. Meastar go ndéanfar an saoradh sin idir 2026 agus 2030.

Cláir agus ceannteidil eile

Maidir leis na cláir atá á mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún, tá an réamhaisnéis maidir le saoradh bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí ar leibhéal an tionscadail. Cuirtear na réamh-mheastacháin maidir le saoradh a bhaineann le cláir CAI 2021-2027 i láthair i dtábla 2. Tá siad comhsheasmhach leis na meastacháin ó na sceidil íocaíochta. Mar sin féin, ní féidir bliain bheacht an tsaortha a thuar go beacht, toisc go mbraitheann sé ar dhúnadh tionscadal agus gníomhaíochtaí aonair.

2.4. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanas le híoc

Meastar go dtosóidh an chéad CAI eile le RAL EUR 321 bhilliún[xvii], ar laghdú EUR 18 mbilliún é i gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite (EUR 339 mbilliún). Is iad na hionchais athbhreithnithe maidir le cláir an bheartais chomhtháthaithe agus íocaíochtaí méadaithe in 2026-2027 is mó is cúis leis an toradh sin. Déantar an RAL níos ísle a bhfuil coinne leis i dtús an chéad CAI eile a aistriú go díreach sa réamhaisnéis íocaíochtaí níos ísle chomhfhreagrach chun cláir roimh 2028 a chur i gcrích sa chéad CAI eile.

Déanfar RAL NextGenerationEU a ionsú faoi dheireadh 2026 nuair a bheidh na híocaíochtaí uile curtha i gcrích, seachas i gcás méideanna an-bheag atá nasctha go príomha le caiteachas riaracháin.

Cé go meastar go dtiocfaidh méadú ar RAL i dtéarmaí ainmniúla ó EUR 321 bhilliún i dtús CAI go EUR 344 bhilliún ag deireadh 2034, meastar go dtiocfaidh laghdú ar a ualú coibhneasta i ngeilleagar an Aontais agus i ndáil le méid CAI. Laghdódh RAL ó 1,6 % de OIN an Aontais ag deireadh 2027 go 1,3 % ag deireadh 2034 agus is thart ar an gcúigiú cuid é de CAI 2028-2034, cóimheas níos ísle ná mar a réamh-mheastar don CAI atá ann faoi láthair. Léiríonn sé sin stoc níos srianta de ghealltanais le híoc ná mar a bhí ann faoi chlárthréimhsí roimhe seo agus comhchruinniú laghdaithe íocaíochtaí tar éis dheireadh CAI. Léiríonn an fhorbairt réamh-mheasta an cur chun feidhme níos láidre a tugadh faoi deara i dtreo dheireadh an CAI reatha agus na gnéithe cur chun feidhme atá beartaithe do CAI 2028-

2034, a bhfuil coinne leo cláir a fhorghníomhú ar bhealach níos tráthúla agus go mbeidh carnadh níos ísle gealltanas le híoc ann le himeacht ama mar thoradh orthu.

3. Réamhaisnéis ar insreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh

2027-2034

Le haghaidh 2027, tá an t-ioncam bunaithe ar dhréachtbhuiséad 2027. Fanann ioncam ó 2028 mar a tuaradh i dtuarascáil na bliana seo caite toisc go léiríonn siad an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh nua maidir le hacmhainní dílse, atá á chaibidliú faoi láthair. Déantar an meastachán iarmharach ar acmhainn dhílis OIN a choigeartú go meicniúil chun iarmhéid foriomlán leis na híocaíochtaí réamhaisnéise a áirithiú, ar íocaíochtaí iad a tugadh cothrom le dáta chun cláir roimh 2028 a chur i gcrích.

Maoinítear buiséad an Aontais Eorpaigh trí acmhainní dílse agus ioncam eile. Thairis sin, tugtar de chumhacht don Aontas cistí a fháil ar iasacht chun NextGenerationEU a mhaoiniú, cistí a chur i dtreo an bhuiséid trí ioncam sannta seachtrach – agus tiocfaidh deireadh leis an nglaniasachtaíocht in 2026.

Cinntear na hacmhainní dílse a theastaíonn chun an buiséad a mhaoiniú le caiteachas iomlán lúide 'ioncam eile'. Tá an réamhaisnéis maidir le hioncam bhuiséadach an Aontais Eorpaigh bunaithe ar an bprionsabal nach mór caiteachas a mheaitseáil le hioncam; dá bhrí sin, tá ioncam iomlán cothrom le caiteachas iomlán.

Ó bhí 2021 ann, i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (cuid V), cuireann an Ríocht Aontaithe ranníocaíocht le buiséad an Aontais Eorpaigh i ndáil le gealltanais le híoc ó chreataí airgeadais roimhe seo. Ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe atá in 'ioncam eile' de bhuiséad an Aontais. Cuirfear deireadh leis de réir a chéile de réir mar a dhéantar íocaíochtaí ar ghealltanais le híoc sa chéad CAI eile, mar a chuirtear i láthair i roinn 2.1. Le haghaidh 2028-2034, áirítear le 'ioncam eile' ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe.

Is iad na hacmhainní dílse – acmhainní dílse traidisiúnta faoi láthair chomh maith le CBL, plaistigh agus acmhainní dílse bunaithe ar OIN – an chuid is mó den ioncam is gá chun caiteachas buiséid a mhaoiniú. Is leis an timthriall caiteachais a chinntear forbairt ranníocaíochtaí acmhainní dílse na mBallstát le linn na tréimhse réamhaisnéise.

3.1. Foinsí ioncaim

Le haghaidh 2027, léiríonn an t-ioncam sa tuarascáil seo dréachtbhuiséad 2027. Don chéad CAI eile, réamh-mheastar acmhainní dílse i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún i mí Iúil 2025. De réir na réamhaisnéise a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim) ag an ráta céanna le OIN i bpraghsanna reatha gach Ballstáit ag tosú ó leibhéal na n-olldleachtanna custaim atá réamh-mheasta do dhréachtbhuiséad 2026, agus úsáid á baint as paraiméadair an togra nua le haghaidh Cinneadh maidir le hacmhainní dílse don chéad CAI eile.

Réamh-mheastar ioncam ón acmhainn dhílis bunaithe ar CBL ag tosú ó bhoinn CBL na mBallstát aonair a áirítear i ndréachtbhuiséad 2026. Meastar go bhfásfaidh na boinn CBL ag an ráta céanna le OIN i bpraghsanna reatha.

Réamh-mheastar go dtosóidh an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaistigh ó dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte a áirítear i ndréachtbhuiséad 2026. Réamh-mheastar go bhfásfaidh an dramhaíl chomhfhreagrach ó phacáistíocht phlaisteach ag an ráta céanna le OIN i bpraghsanna tairiseacha. Meastar go dtiocfaidh rátaí athchúrsála le chéile go líneach i dtreo sprioc athchúrsála 55 % an Aontais, sprioc nach mór a bhaint amach faoi 2030.

Déantar an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN le haghaidh AE-27 a ríomh mar an difríocht atá fágtha idir na hacmhainní dílse eile uile agus ioncam eile ar thaobh amháin agus an caiteachas réamhaisnéise ar an taobh eile. Leis na paraiméadair le haghaidh na n-acmhainní dílse a shonraítear sa Chinneadh maidir le hacmhainní dílse, cinntear sciar na mBallstát de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí acmhainní dílse is gá chun buiséad an Aontais a chomhardú.

Áirítear roinnt acmhainní dílse breise sa togra ón gCoimisiún don Chinneadh maidir le hacmhainní dílse.

Tá réamhaisnéis ioncaim na hacmhainne dílse bunaithe ar an gCóras Eorpach Trádála Astaíochtaí (ETS1) bunaithe ar phraghas carbóin toimhdithe EUR 88,33 i bpraghsanna 2025. Díorthaítear an líon lamháltas astaíochtaí ceantáilte ó na forálacha dlíthiúla sa Treoir maidir le CTA[xviii].

Maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl leictreonach, déantar an dramhaíl fholuiteach neamhbhailithe ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL) i mBallstát i mbliain ar leith a ríomh ar dtús. Réamh-mheastar go dtiocfaidh rátaí bailithe le chéile go líneach ansin i dtreo sprioc bailithe 65 % an Aontais faoi 2034.

Réamh-mheastar ioncam ón Acmhainn Dhílis maidir le Dleacht Mháil Tobac bunaithe ar an Treoir maidir le Dleacht Máil Tobac agus ar an athmhúnlú atá beartaithe uirthi.

Réamh-mheastar go mbeidh an t-ioncam ón acmhainn dhílis bunaithe ar an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) ag glacadh leis go mbeidh an praghas carbóin céanna ann agus atá ann le CTA1.

Tá na réamh-mheastacháin maidir le hAcmhainn Chorparáideach don Eoraip (ACE) bunaithe ar shonraí 2023 ar leibhéal gnólachta ó bhunachar sonraí Orbis. Cuirtear ranníocaíocht chnapshuime bhliantúil ó gach cuideachta a oibríonn agus a dhíolann san Aontas i bhfeidhm mar a shonraítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse.

Áirítear in ioncam eile bhuiséad an Aontais ranníocaíochtaí foirne, ioncam a fhabhraíonn ó oibriú riaracháin na n-institiúidí, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe agus cláir an Aontais, ús ar íocaíochtaí déanacha agus fíneálacha, ioncam ó oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, ioncam ó tháillí nach bhfuil sannta do chaiteachas sonrach, agus ioncam ilghnéitheach – chomh maith le barrachais ó bhlianta roimhe sin. I bhfianaise na luaineachta bunúsaí atá acu, is deacair formhór na gcomhpháirteanna sin a réamh-mheas san fhadtéarma. Dá bhrí sin, glactar leis go bhfanfaidh an méid bliantúil a áirítear sa togra ón gCoimisiún fon chéad CAI eile i mí Iúil 2025 (i.e. EUR 3 bhilliún) seasmhach go hainmniúil le linn na tréimhse réamhaisnéise.

Ó bhí 2021 ann, sa bhreis ar na míreanna thuasluaite, áirítear in ioncam eile bhuiséad an Aontais ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a bhaineann le gealltanais le híoc (RAL) a bhfuil an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas ina leith, oibleagáidí pinsin agus comhpháirteanna eile den socrú airgeadais, mar a leagtar síos sa Chomhaontú um Tharraingt Siar[xix]. Léirítear é sin freisin sa mhaoiniú atá beartaithe maidir le dréachtbhuiséad 2027.

Déantar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a bhaineann le gealltanais le híoc an 31 Nollaig 2020 a chinneadh trí sciar maoinithe na Ríochta Aontaithe a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí réamh-mheasta RAL le haghaidh gach bliana le haghaidh na tréimhse 2027-2034. Leis an ranníocaíocht bhliantúil a thiocfaidh as sin, cuirtear san áireamh na módúlachtaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Áirítear sa réamhaisnéis ioncaim eile ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le dliteanais phinsin do Chomhaltaí agus do shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE mar a shonraítear in Airteagal 142(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Téann ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le pinsin foirne (meastar EUR 351 mhilliún i ndréachtbhuiséad 2027)

isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta seachtrach agus, dá bhrí sin, ní cuid í de réamhaisnéis fhadtéarmach ioncaim eile.

In aon bhliain ar leith, ní fhéadfaidh na hacmhainní dílse iomlána arna mbailiú ag an Aontas dul thar an uasteorainn acmhainní dílse atá socraithe i gCinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle, is é sin 1,4 % OIN AE-27, maille le méadú sealadach breise 0,6 % de OIN an Aontais chun dliteanais uile an Aontais a chumhdach ó iasachtaí a fuarthas ar na margaí caipitil chun NextGenerationEU a chistiú.

Leis an gCinneadh nua maidir le hacmhainní dílse atá beartaithe, leagtar síos uasteorainneacha na n-acmhainní dílse don tréimhse 2028-2034 mar a leanas:

- 1,75 % le haghaidh an uasteorainn bhuan.
- 0,6 % le haghaidh an uasteorainn chun dliteanais uile an Aontais a chumhdach ón iasachtaíocht ar na margaí caipitil chun NextGenerationEU a chistiú.
- 0,25 % le haghaidh ionstraim na géarchéime, i gcás gníomhachtúcháin.

Measfar go dtiocfaidh laghdú ar an gcorrlach atá ar fáil faoin uasteorainn bhuan acmhainní dílse (dá ngairtear lamháil) de réir mar a mheastar go dtiocfaidh méadú ar íocaíochtaí agus ioncaim in 2027 i gcomparáid le 2026, agus measfar go dtiocfaidh méadú níos lú go comhréireach ar ollioncam náisiúnta an Aontais le linn na bliana céanna. Thart ar EUR 84 bhilliún a bheidh sa chorrlach faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse in 2027.

Le haghaidh 2028-2034, meastar gurb é EUR 155 bhilliún in aghaidh na bliana ar an meán an corrlach faoin uasteorainn bhuan nua a mhol an Coimisiún agus gurb é EUR 116 bhilliún ar an meán an corrlach faoi uasteorainn shealadach NGEU. Léiríonn sé sin nuashonruithe i réamhaisnéis OIN an Aontais do réamhaisnéis eacnamaíoch Earrach 2026, na riachtanais nuashonraithe le haghaidh íocaíochtaí RAL roimh 2028 agus an nuashonrú íosta ar íocaíochtaí acmhainní neamhdhílsithe atá nasctha le ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

I gcás uasteorainn acmhainní dílse shealadach bhuan agus NGEU araon, is é an corrlach an saorspás faoi bhun na n-uasteorainneacha sin tar éis na hacmhainní dílse is gá chun caiteachais bhuiséad an Aontais a mhaoiniú a chur san áireamh, agus i gcás na n-uasteorainneacha sealadacha – na hacmhainní dílse chun na costais a bhaineann le cumhdach úis agus aisíocaíochtaí NextGenerationEU a chumhdach (ó 2028 ar aghaidh). Tá gá leis an lamháil sin chun eis-sreafaí breise a chumhdach a bhaineann leis an bhféidearthacht go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha chun cinn agus le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcomparáid leis an Togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad CAI eile i mí Iúil 2025, tá dliteanais theagmhasacha bhreise ann mar gheall ar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin nach mór a chumhdach tríd an lamháil (i.e. príomhshuim EUR 90 billiún agus na costais mhaoiniúcháin lena mbaineann).

4. Conclúidí

Deimhnítear sa réamhaisnéis go bhfuil an uasteorainn íocaíochta a mhol an Coimisiún le haghaidh CAI 2028-2034 fós leordhóthanach chun an caiteachas a bhfuil coinne leis faoi láthair le linn na tréimhse a chumhdach.

I gcomparáid leis na meastacháin is bun leis an togra ón gCoimisiún i mí Iúil 2025, rinneadh athbhreithniú anuas ar an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí a bhaineann le gealltanais a rinneadh roimh 2028. Léiríonn sé sin cur chun feidhme níos láidre agus forghníomhú íocaíochta níos airde le linn bhlianta deiridh an CAI atá ann faoi láthair, rud a fhágann go mbeidh stoc níos ísle de ghealltanais le híoc ag deireadh 2027. Mar sin féin, tá próifíl na n-íocaíochtaí a eascraíonn as gealltanais roimh 2028 fós ag brath ar fhorbairtí cur chun feidhme in 2026 agus 2027.

An tráth céanna, tá an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí atá nasctha le cláir a mholtar faoi CAI 2028-2034 fós bunaithe ar an togra ón gCoimisiún in 2025. Ós rud é go bhfuil an chaibidlíocht maidir leis an CAI a bheidh ann amach anseo fós ar siúl, d'fhéadfadh athrú teacht ar na paraiméadair a dhéanfaidh difear do riachtanais íocaíochta amach anseo.

D'fhéadfadh athrú teacht ar na difríochtaí atá ann faoi láthair idir leibhéal réamhaisnéise na n-íocaíochtaí agus an uasteorainn íocaíochta atá beartaithe, ós rud é nach féidir ceanglais íocaíochta faoin gcéad CAI eile a shuí ina n-iomláine go fóill. Léiríonn an laghdú ar íocaíochtaí measta a bhaineann le gealltanais roimh 2028 faisnéis nuashonraithe maidir le riachtanais leagáide, ach tá próifíl íocaíochta na gclár a bheidh ann amach anseo fós sealadach.

Dá bhrí sin, ba cheart an réamhaisnéis atá ann faoi láthair a mheas mar mheasúnú idirmheánach bunaithe ar an togra ón gCoimisiún agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim seo.

Léirítear sa réamhaisnéis freisin leibhéal níos srianta de ghealltanais le híoc i gcoibhneas le méid gheilleagar an Aontais agus méid CAI a bheidh ann amach anseo. Léiríonn an fhorbairt dhearfach sin an cur chun feidhme níos láidre a tugadh faoi deara i dtreo dheireadh na clárthréimhse atá ann faoi láthair agus an phróifíl cur chun feidhme faoin togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI 2028-2034.

Leanann an t-ioncam chun an buiséad a mhaoiniú timthriall caiteachais CAI. Leis an bpacáiste acmhainní dílse nua atá beartaithe, meastar go laghdófar an t-ualach ar ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar CBL agus OIN.

Iarscríbhinn II – Torthaí na réamhaisnéise

Tá na luachanna uile in EUR billiún, praghsanna reatha, mura sonraítear a mhalairt. Mar gheall ar shlánú, d'fhéadfaidh sé nach réiteodh roinnt suimeanna iomlána le chéile.

Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafaí amach anseo thar 2027-2034 le haghaidh CAI

Bliain	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	IOMLÁN
Uasteorainn na nGealltanas	**188,8**	**269,5**	**282,9**	**283,1**	**290,4**	**294,1**	**285,4**	**279,7**	**2 173,7**
Uasteorainn Íocaíochtaí	**199,7**	**270,0**	**300,7**	**297,1**	**292,8**	**277,4**	**274,7**	**267,5**	**2 179,8**
Gealltanais (cláreagraithe)*	199,9	269,5	282,9	283,1	290,4	294,1	285,4	279,7	**2 184,8**
Íocaíochtaí Réamhaisnéise**	212,0	265,6	284,1	310,7	272,0	283,4	278,5	267,5	**2 173,9**
*Lena mbaineann Ionstraimí Speisialta****	*12,8*	*0,7*	*0,3*	*0,0*	*0,0*	*0,0*	*0,0*	*0,0*	***13,8***

** I gcomhréir leis an dréachtbhuiséad le haghaidh 2027 don bhliain 2027, lena n-áirítear leithdháileadh an Chúlchiste don Úcráin agus leithreasuithe arna n-eascairt as Airteagal 5 de Rialachán CAI agus Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.*

*** Cumhdaítear leis na méideanna le haghaidh ionstraimí speisialta in 2027 an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, an Cúlchiste don Úcráin, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus an Ionstraim Sholúbthachta. Le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, ní áirítear ach na híocaíochtaí ar ghealltanais le híoc le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta agus an Chúlchiste don Úcráin, lena n-áirítear le haghaidh chostas seirbhíse fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin. Sna táblaí ina dhiaidh sin, áirítear na híocaíochtaí a bhaineann le slógadh na n-ionstraimí speisialta sna ceannteidil faoi seach.*

Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

Ceannteideal CAI	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	Iomlán
1 Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**22,1**	**16,5**	**8,3**	**6,5**	**3,1**	**3,5**	**1,5**	**61,5**
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	**81,8**	**69,0**	**57,9**	**53,4**	**5,1**	**0,9**	**0,4**	**268,5**
2.1 Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	64,7	66,5	56,6	52,7	5,0	0,7	0,3	**246,5**
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	17,1	2,5	1,4	0,7	0,1	0,2	0,1	**22,0**
3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	**61,4**	**17,9**	**13,8**	**2,4**	**2,4**	**0,4**	**0,2**	**98,5**
3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	40,6	0,2	0,1	0,0	0,0	0,0	0,0	**40,9**
3.2 Cláir eile d'Acmhainní Nádúrtha agus don Chomhshaol	20,7	17,8	13,7	2,4	2,4	0,4	0,2	**57,5**
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**3,8**	**2,8**	**1,6**	**1,0**	**0,7**	**1,9**	**0,8**	**12,6**
5 Slándáil agus Cosaint	**2,2**	**2,1**	**1,6**	**1,3**	**0,9**	**0,3**	**0,1**	**8,5**
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	**16,0**	**12,7**	**11,1**	**6,3**	**3,4**	**2,8**	**1,2**	**53,4**
7 An Riarachán Poiblí Eorpach	**13,7**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**13,7**
O Lasmuigh d'uasteorainneacha CAI	**7,6**	**0,6**	**0,3**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**8,4**
Ionstraimí Speisialta	**1,9**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**1,9**
Iomlán	**210,3**	**121,7**	**94,5**	**70,9**	**15,6**	**9,8**	**4,2**	**527,0**

Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích

Ceannteideal CAI	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	Iomlán
1 Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**0,7**	**0,5**	**0,2**	**0,2**	**0,1**	**0,2**	**0,1**	**2,1**
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,1**
2.1 Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	**0,0**
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	**0,1**
3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	**0,1**	**0,1**	**0,1**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,4**
3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	**0,0**
3.2 Cláir eile d'Acmhainní Nádúrtha agus don Chomhshaol	0,1	0,1	0,1	0,0	0,0	0,0	0,0	**0,4**
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**0,1**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,1**
5 Slándáil agus Cosaint	**0,0**	**0,1**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,0**	**0,1**
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	**0,7**	**0,7**	**0,6**	**0,5**	**0,3**	**0,2**	**0,1**	**3,1**
Iomlán	**1,7**	**1,4**	**0,9**	**0,8**	**0,4**	**0,5**	**0,2**	**5,9**

Tábla 1.4 – Íocaíochtaí le haghaidh ghealltanais 2028-2034

Ceannteideal CAI	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomlán
1. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí	108,0	122,6	150,8	150,7	157,8	144,3	130,3	964,6
2. Iomaíochas, rathúnas agus slándáil	14,8	40,6	57,4	68,8	73,1	82,9	86,2	423,7
3. An Eoraip Dhomhanda	4,8	9,9	14,6	19,6	24,8	28,9	32,3	134,8
4. Riarachán	14,9	15,6	16,3	16,9	17,5	18,1	18,7	117,9
Iomlán	142,6	188,7	239,0	256,0	273,2	274,1	267,5	1 641,0

Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh 2027-2034

Ceannteideal CAI	Cur i gcrích	CAI 2021-2027	Iomlán
1 Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**1,1**	**1,3**	**2,4**
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	**1,7**	**1,3**	**2,9**
2.1 Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	1,6	0,4	**2,0**
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	0,1	0,9	**0,9**
3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	**2,3**	**1,2**	**3,5**
3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	0,0	0,0	0,0
3.2 Cláir eile d'Acmhainní Nádúrtha agus don Chomhshaol	2,3	1,2	3,5
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**0,6**	**0,0**	**0,6**
5 Slándáil agus Cosaint	**0,1**	**0,0**	**0,1**
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	**0,3**	**1,0**	**1,3**
Iomlán	**6,0**	**4,9**	**10,9**

Ní dhéantar idirdhealú sa réamhaisnéis maidir le saoradh idir foinsí ciste le haghaidh saoradh.

Tábla 3 – Gealltanais le híoc 2027-2034

Foinse	RAL ag tosú 2028*	Gealltanais 2028-2034	Íocaíochtaí 2028-2034	RAL deireadh 2034
CAI	320,9	1984,9	1961,9	343,9

** Eisiatar ó RAL i dtús 2028 méideanna a ghintear ó fhoinsí ciste eile nó ó ioncaim eile agus ó shaoradh measta.*

Tábla 4 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad an Aontais amach anseo de chuid CAI 2027 agus 2028-2034

INSREAFAÍ		2027*	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomlán
Uasteorainn acmhainní dílse in % d'Ollioncam Náisiúnta AE**		**2,00 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**2,35 %**	**neamhbh ainteach**
Lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NextGenerationEU		0,60 %	0,60 %	0,60 %	0,60 %	0,60 %	0,60 %	0,60 %	0,60 %	**neamhbh ainteach**
Uasteorainn na n-acmhainní dílse arna sloinneadh in EUR billiún	**A**	**403,8**	**493,0**	**511,4**	**530,1**	**548,0**	**566,1**	**584,2**	**602,3**	**neamhbh ainteach**
Lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NextGenerationEU	A'	121,2	125,9	130,6	135,3	139,9	144,5	149,1	153,8	**neamhbh ainteach**
Iomlán na n-acmhainní dílse	**B**	**208,9**	**262,2**	**281,0**	**307,6**	**269,0**	**280,5**	**275,6**	**264,6**	**2149,4**
Lena mbaineann acmhainní dílse chun dliteanais NextGenerationEU a mhaoiniú	**B'**	**9,9**	**24,0**	**24,0**	**24,0**	**24,0**	**24,0**	**24,0**	**24,0**	
ar díobh sin Glanmhéid na n-acmhainní dílse traidisiúnta***		25,0	34,5	35,7	36,8	38,0	39,2	40,4	41,6	**291,3**
Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe		26,0	26,6	27,5	28,3	29,2	30,1	31,0	31,9	**230,4**

INSREAFAÍ		2027*	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomlán
Acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach		6,5	9,3	9,5	9,7	9,9	10,1	10,3	10,5	**75,6**
Acmhainn dhílis bunaithe ar CTA AE (ETS1)			8,8	11,7	11,3	13,0	11,7	10,3	8,8	**75,6**
Acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach			16,2	16,5	16,7	16,9	17,1	17,3	17,4	**118,0**
Acmhainn dhílis bunaithe ar Dhleacht Mháil Tobac			13,0	12,7	12,4	12,8	12,5	12,2	12,7	**88,3**
Acmhainn dhílis bunaithe ar an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)			0,9	1,0	1,3	1,5	1,9	2,0	2,2	**10,8**
Acmhainn Chorparáideach don Eoraip (ACE)			7,4	7,5	7,5	7,6	7,7	7,8	7,9	**53,3**
Acmhainn dhílis atá bunaithe ar OIN		151,4	145,5	159,1	183,7	140,1	150,3	144,4	131,6	**1 205,9**
Ioncam eile (lena n-áirítear táillí agus ranníocaíocht shealadach ón Ríocht Aontaithe, táille an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS))	**C**	**3,1**	**3,4**	**3,2**	**3,1**	**3,0**	**2,9**	**2,9**	**2,9**	**24,4**
IONCAM IOMLÁN	**D=B +C**	**212,0**	**265,6**	**284,1**	**310,7**	**272,0**	**283,4**	**278,5**	**267,5**	**2 173,9**

INSREAFAÍ		2027*	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomlán
An corrlach atá ar fáil faoin uasteorainn acmhainní dílse	**A-B**	**194,9**	**230,7**	**230,4**	**222,5**	**279,0**	**285,6**	**308,5**	**337,8**	**neamhbh ainteach**
dá bhfuil corrlach faoin méadú sealadach ar NGEU	A'-B'	111,2	101,9	106,6	111,3	115,9	120,5	125,1	129,8	**neamhbh ainteach**

** Comhfhreagraíonn sé d'fhigiúirí DB2027, bunaithe ar Chinneadh 2020 maidir le hacmhainní dílse.*

*** Uasteorainn na n-acmhainní dílse – arna ríomh bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2026 d'Ollioncam Náisiúnta AE27*

**** Déantar acmhainní dílse traidisiúnta a mheas ar bhonn ráta coinneála 10 % i gcomhair costais bhailiúcháin.*

[i] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L 2024/2559, 26.9.2024.

[ii] COM(2021)343, 30.6.2021 Is é seo an chéad eagrán den tuarascáil seo don tréimhse CAI 2021-27.

[iii] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 2024/765, 29.2.2024.

[iv] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 COM/2025/571 final. 16.07.2025.

[v] Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 COM(2025) 574 final. 16.07.2025.

[vi] IO C66 I, 19.2.2019, lch. 1.

[vii] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2027 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027. COM(2026) 299

[viii] Ráiteas ar mheastacháin an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2027. SEC(2026) 250.

[ix] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 2024/765, 29.2.2024.

[x] Déantar foráil le hAirteagal 5 de Rialachán CAI maidir le leithdháileadh breise leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh liosta réamhshainithe clár, le haghaidh méid atá coibhéiseach le cineálacha áirithe fíneálacha.

[xi] Déantar foráil le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais go bhféadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn don mhéid saortha a rinneadh i ndáil le tionscadail taighde a chur ar fáil arís.

[xii] Mura sonraítear a mhalairt, sloinntear gach suim sa tuarascáil i bpraghsanna reatha.

[xiii] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais amach anseo (2026-2034). COM(2025) 573 final. 16.07.2025.

[xiv] Dréachtbhuiséad leasaitheach uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Nuashonrú maidir le hioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas. COM(2026) 460 final. 9.06.2026.

[xv] Chinn na Ballstáit cistí a aistriú idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe. Leagadh amach an toradh sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115.

[xvi] Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le suí na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027.

[xvii] Ní áirítear sa mhéid sin saoradh agus íocaíochtaí ó fhoinsí ciste eile, amhail ioncaim shannta.

[xviii] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena suitear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle

[xix] Leagtar síos gach comhpháirt de ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ní áirítear sa réamhaisnéis ach comhpháirteanna atá inchainníochtaithe ag an bpointe seo, amhail ranníocaíocht shealadach na Ríochta Aontaithe le maoiniú íocaíochtaí a eascraíonn as gealltanais le híoc roimh 2021 a bhfuil an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 140 agus dliteanais phinsin a shonraítear faoi Airteagal 142.5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar chomh maith leis na méideanna atá dlite ag an Aontas don Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 145 (an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach) agus Airteagal 146 (infheistíocht an Aontais sa Chiste Eorpach Infheistíochta).